

Bileog 11.1, Bileog 11.1a agus Bileog 11.1b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 11.1** ar gach duine sa rang.
- *An Teicneolaíocht – Stór focal*: Iarr ar gach beirt na focail a phlé le chéile agus iad a chur faoi na teidil chúí. Iarr orthu ansin an t-alt a chur leis na focail ar fad. Is fiú ag an pointe seo dul siar ar na rialacha a bhaineann leis *na dntls* – ní chuirtear séimhiú ar dntls tar éis dntls Mar shampla: an teachtaireacht ríomhphoist.

Freagraí:

<p>Cúrsaí ríomhaireachta an ríomhaire glúine, an scáileán, an luch, an víreas, an clár/na cláir ríomhaireachta, an trealamh, an litreoir, an comhad/na comhaid</p>
<p>Cúrsaí idirlín na giuirléidí (widgets), an blagálaí, an t-idirlíon, an teachtaireacht ríomhphoist, an t-íoslódáil, an suíomh gréasáin, an ceangaltán, an brabhsálaí, an caife idirlín, an t-inneall cuardaigh, an físchomhrá, an turscar (spam), an gréasán domhanda, an tseirbhís leathanbhanda, an blag</p>
<p>Teicneolaíocht eile an printéir, an guthán póca, an dúch, an tuarthéacs, an teachtaireacht téacs, an seinnteoir MP3</p>

- *An Teicneolaíocht – Plé*: Cuir triúr nó ceathrar ina suí le chéile agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn an chomhrá.
- *Cúrsaí teicneolaíochta – Duine A/Duine B*: Roinn an rang ina dhá leath. Tabhair **Bileog 11.1a – Duine A** do leath an ranga agus **Bileog 11.1b – Duine B** don leath eile. Ná bíodh níos mó ná cúigear i ngach grúpa, mar sin má tá deichniúr i leath amháin den rang agus deichniúr eile sa leath eile bíodh dhá ghrúpa le **Bileog 11.1a – Duine A** acu agus dhá ghrúpa le **Bileog 11.1b – Duine B** acu. Abair le gach grúpa go gcaithfidh siad an t-alt atá acu a léamh le chéile agus pointí a bhreacadh síos a dhéanann cur síos ar an táirge atá san alt. Tá orthu fosta an pointe gramadaí agus na rialacha a bhaineann leis a phlé.
- **Bileog 11.1a – Duine A**: Pointí faoin *Apple Watch* agus pointí faoin ghné ghramadaí *céimeanna comparáide na haidiachta*. **Bileog 11.1b – Duine B**: Pointí faoin ceangal leathanbhanda agus pointí faoin ghné ghramadaí a bhaineann le hainmfhocail a chomhaireamh tar éis 20.

- *Cúrsaí teicneolaíochta – Duine A/Duine B – an tasc:* Nuair atá grúpa A agus B sásta go bhfuil siad in ann cur síos cruinn a dhéanamh ar an táirge atá acu, cuir duine amháin ó ghrúpa A le duine amháin ó ghrúpa B.
- Tá ar gach beirt anois iarracht a dhéanamh na táirgí a dhíol le chéile. Bí timpeall tú féin le linn na gníomhaíochta le cuidiú leo más gá agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú nuair atá siad críochnaithe.
- *Cúrsaí teicneolaíochta – Teanga:* Mí-nigh do na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad ansin na pointí gramadaí a bhfuil líne fúthu sa téacs atá acu féin a mhíniú don duine eile. Tá sé an-tábhachtach go dtuigfeadh na foghlaimeoirí na pointí gramadaí sula mí-níonn siad iad dá chéile.

Freagraí:**Duine A: Céimeanna comparáide na haidiachta**

Tagann athruithe ar na haidiachtaí tar éis 'is' agus 'níos'. Seo cuid de na rialacha:

- Ní athraíonn aidiacht a chríochnaíonn le guta – *is snasta*.
- Cuirtear 'e' le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus caolaítear í – *níos saoire*.
- Athraíonn –ach go –aí – *níos ríméadaí*
- Athraíonn –each go –í *níos aistí*
- Athraíonn –úil go úla – *níos fuinniúla*
- Athraíonn –air go –ra – *níos deacra*
- Athraíonn –íoch go –íche – *níos iomaíche*

- Seo thíos na haidiachtaí nach bhfuil rialta:

saor	níos saoire
daor	níos daoire
gairid	níos gairide
fada	níos faide
deas	níos deise
olc	níos measa
maith	níos fearr
óg	níos óige
ramhar	níos raimhre
álainn	níos áille
te	níos teo
sean	níos sine
mór	níos mó
beag	níos lú

Duine B: Na huimhreacha

Is é a mholtar anois ná an t-ainmfhocal a choinneáil san uimhir uatha agus gan séimhiú nó urú a chur air nuair a leanann sé uimhir as 20 amach. Mar shampla – míle duine agus 68 teach.

Bileog 11.2a agus Bileog 11.2b

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus scaip **Bileog 11.2a** ar gach duine sa rang.
- *Cúrsaí idirlín – Réamhobair éisteachta*: Iarr ar gach grúpa plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi *Facebook*, *Sky* agus *Twitter* agus a mhacasamhail eile de shuímh. Pléigh na tuairimí leis an rang ar fad.
- *Cúrsaí idirlín – Éisteacht*: Léigh tríd na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Cuir an téip ar siúl faoi dhó do na foghlaimoirí le sos beag idir gach éisteacht le seans a thabhairt dóibh na ceisteanna a fhreagairt ina mbeirteanna. Pléigh tusa na ceisteanna leis an rang ar fad agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.

Freagraí:

1. Is clár irise é seo ar a mbíonn daoine ag plé nithe a bhíonn ar na meáin.
 2. Tá sí go mór ar son daoine ag glacadh pictiúir d'eachtraí ar an toirt lena gceamaráí digiteacha agus ar a ngutháin. Baineann sí úsáid as focail ar nós – *go mór*, *rud iontach*, *an rud ab fhearr ar domhan*. Tá sí in éadan daoine óga ag caitheamh barraíocht ama ar an idirlíon. Baineann sí úsáid as focail ar nós – *am amú*, *más tuairimíocht é*, *in aghaidh moráltachta*, *in aghaidh an dlí*.
 3. Tuairimíocht atá i gceist leis na ceisteanna seo.
 4. Tuairimíocht atá i gceist leis na ceisteanna seo.
- *Cúrsaí idirlín – Teanga*: Tabhair cúpla nóiméad do gach beirt plé a dhéanamh ar an ghné den ghramadach atá i gceist.

Freagraí:

Is é an coibhneas díreach agus indíreach atá i gceist. Tagann an clásal coibhneasta indíreach tar éis an fhocail **caoi** sa chás seo. Abair leis na foghlaimoirí go bhfuil focail áirithe ann a chuireann an clásal ina ndiaidh sa choibhneas indíreach agus go bhfuil focail eile ann a leanann an coibhneas díreach iad, mar shampla:

Conas atá tú? – coibhneas díreach

Cén chaoi a bhfuil tú? – coibhneas indíreach

Cad é mar atá tú? – coibhneas díreach

- Scaip **Bileog 11.2b** ar gach duine sa rang.
- *Coibhneas Díreach/Indíreach – Rialacha*: Léigh tríd na rialacha ar an bhileog leis an rang go cúramach. Bain úsáid as samplaí eile chun na rialacha a mhíniú más gá.
- *Coibhneas Díreach/Indíreach – Cleachtadh*: Iarr ar gach duine na cleachtaí a dhéanamh ansin. Pléigh na freagraí leis na foghlaimoirí agus téigh siar ar aon deacracht a bhí acu.

Freagraí:

1. Cén áit ar chas tú leis go deireanach?
 2. Sin an duine a chuaigh chun na hollscoile i mBaile Átha Cliath.
 3. Sin an duine a ndeachaigh a mhac chun na hollscoile i mBaile Átha Cliath.
 4. Cé a chuaigh leat?
 5. Cén fhad a bheidh tú sa Spáinn?
 6. Cén fáth ar fhág do mháthair?
 7. Sin an cailín a ndearna madra ionsaí uirthi an bhliain seo caite.
 8. Cé dó ar thug tú an leabhar?
 9. Cé mhéad páiste a bheidh leo?
 10. Conas a rinne tú é sin? / Cén dóigh a ndearna tú é sin?
- *Cúrsaí idirlín - Rólimirt:* Abair leis na foghlaimeoirí dul ar ais go **Bileog 11.2a** arís agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh rólimeartha ar ball.
 - Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus tabhair ról A don chéad duine, ról B don dara duine agus mar sin do.
 - Léigh na ról ar fad agus an rún – Cuireann an t-idirlíon go mór le saol agus le sástacht an duine – le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
 - Tabhair tamall dóibh a ról a ullmhú agus pointí a bhreacadh síos a chuideoidh leo a gcuid tuairimí a chur in iúl le linn na díospóireachta. Bí thusa ag siúl thart ag cuidiú leo más gá.
 - Iarr orthu an plé a bheith acu ansin. Nuair atá tamall maith caite acu ag díospóireacht iarr ar ghrúpa amháin an díospóireacht a dhéanamh os comhair an ranga ar fad. Pléigh na tuairimí leis an rang ar fad. Ceartaigh aon bhotún a chuala tú le linn na cainte.

Bileog 11.3a agus Bileog 11.3b

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus scaip **Bileog 11.3a** ar gach duine sa rang.
- *An t-idirlíon agus nuacht – Réamhobair éisteachta:* Iarr ar gach grúpa plé a dhéanamh ar na ceisteanna 1-4. Tuairimíocht atá i gceist.
- *An t-idirlíon agus nuacht – Éisteacht:* Léigh tríd na ceisteanna leo sula gcuireann tú an mhír ar siúl. Abair le gach beirt na ceisteanna a dhéanamh le chéile. Tuairimíocht atá i gceist den chuid is mó ach le:

Freagraí:

(e) An Coiste Téarmaíochta: Féach cad atá ar shuíomh gréasáin *Fhoras na Gaeilge*, <http://www.irish.ie/foras/default.asp?catid=50>:

Misean: Téarmaíocht údarásach chaighdeánach i nGaeilge a fhorbairt, a fhaomhadh agus a chur ar fáil chun acmhainn na teanga mar mheán nua-aoiseach i sochaí nua-aoiseach a mhéadú, de réir na riachtanas reachtúil.

Stair: Is laistigh den Roinn Oideachais a forbraíodh obair na téarmaíochta Gaeilge ar feadh bhunús an chéid seo caite. Tháinig coistí le chéile chomh fada siar le 1927 chun téarmaíocht a sholáthar don chóras oideachais. Bhunaigh an tAire Oideachais An Buanchoiste Téarmaíochta i 1968. I 1999 tháinig an Coiste agus a chúraimí faoi choimirce Fhoras na Gaeilge, de réir Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Ról: Feidhmíonn An Coiste Téarmaíochta ar thriú leibhéal, mar atá:

- An Buanchoiste a bhfuil 22 ball air, ar ceapacháin de chuid an Aire Oideachais iad. Is saineolaithe ar an nGaeilge iad, ionadaithe ó institiúidí éagsúla tríú leibhéal nó taighde nó ó eagraíochtaí gaolmhara. Cúram polasaí atá ar an mBuanchoiste.
- An Coiste Stiúrtha a bhfuil 15 ball air, baill den Buanchoiste den chuid is mó, a fhreastalaíonn ar chruinnithe uair in aghaidh na míosa. Socraíonn siad prionsabail téarmaíochta, déanann an obair a phleanáil agus a mhaoirsiú trí fhochoistí a bhunú agus déileálann le fiosruithe ilghnéitheacha.
- Na Fochoistí - grúpaí níos lú de shaineolaithe i sainréimsí eolais. Pléann siad le liostaí substaintiúla de shaintearmaí teicniúla agus ullmhaíonn ábhar sainfhoclóirí. Ag éirí as obair na bhfochoistí foilsíodh os cionn 20 foclóir saintearmaíochta go dtí seo. (Is go deonach a thugann baill na gcoistí go léir a gcuid ama is saineolais.)

Freagrachtaí

- Stádas na Gaeilge a bhreisiú trí théarmaíocht údarásach chaighdeánach a fhorbairt de réir chaighdeán ISO.
- Téarmaíocht údarásach chaighdeánach a chur ar fáil don phobal trí na meáin is éifeachtaí agus is nua-aimseartha.
- Riachtanais téarmaíochta earnáil an oideachais, na Seirbhísí Stáit agus an phobail i gcoitinne a chomhlíonadh.
- Foclóireacht na Gaeilge a éascú trí bhunachar sonraí éifeachtach téarmaíochta a bhunú agus a chothabháil mar chuid riachtanach de phleanáil leanúnach corpais.
- Tarraingt ar shaibhreas agus ar ilghnéitheacht an traidisiún bhéil agus liteartha le linn fhorbairt na téarmaíochta atá riachtanach do gach feidhm chomhaimseartha teanga.
- An cleachtas is fearr maidir le seirbhísí An Choiste Téarmaíochta a fhorbairt trí nósanna agus shaoráidí nua-aimseartha oibre.

Tionscadail i gComhpháirt le hEagraíochtaí Poiblí

Rinne An Coiste Téarmaíochta obair i gcomhar le heagraíochtaí poiblí agus ar thionscadail eile phobail, trí chomhairle téarmaíochta a sholáthar dóibh. Foilsíodh 10 gcinn d'fhoclóirí nó lámhleabhair Bhéarla-Ghaeilge mar thoradh ar chomhoibriú den chineál seo.

(g) The parting shot = mar fhocal scoir.

- *An t-idirlíon agus nuacht – Léamh:* Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 11.3b** ar gach duine sa rang. Iarr orthu an sliocht a léamh agus na ceisteanna a phlé le chéile.

Freagraí:

1. Tuairimíocht atá i gceist.
 2. Tuairimíocht atá i gceist.
 3. a thógáil/a athair/a mháthair/a máthair/a sheanmháthair/a hiníon/ina phluc/lena athair
 4. Canúint Chonnacht.
- *An t-idirlíon agus nuacht – Scríobh:* Abair leo píosa a scríobh don chéad rang eile.